Páipéar comhairliúcháin

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission







# Dréachtchlár Taighde 2024-2026

An Coimisiún Toghcháin,
The Electoral Commission

# Draft Research Programme 2024-2026

An Coimisiún Toghcháin,
The Electoral Commission

# Dréachtchlár Taighde 2024-2026

An Coimisiún Toghcháin,
The Electoral Commission

# Draft Research Programme 2024-2026

An Coimisiún Toghcháin,
The Electoral Commission

Published by An Coimisiún Toghcháin,
November 2023
ISBN - 978-1-911722-01-4





# Clár

1. Réamhrá 4
2. Fís agus Luachanna 10
3. Snáitheanna Téamacha Taighde 12
Snáithe A: Taighde suirbhé fhadaimseartha agus bailiú sonraí 12
Snáithe B: Dlí toghcháin, córais toghcháin agus bonneagar toghcháin 12
Snáithe C: Sláine na n-imeachtaí toghcháin 12
Snáithe D: Oideachas, rannpháirtíocht phoiblí agus cuimsiú 13
Snáithe E: Taighde físiúil/Taighde bunaithe ar fhiosracht 13
4. Tionscadail Taighde Fhéideartha 14
5. Do chuid Aiseolais 19
6. Aguisíní 20

## Réamhrá an Chathaoirligh



Dúirt Benjamin Franklin uair amháin "go n-íocann infheistíocht san eolas an t-ús is fearr".

Tá cumhachtaí suntasacha curtha de chúram ar an gCoimisiún Toghcháin lena n-áirítear sna réimsí um oideachas vótálaithe, taighde, rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn agus sláine toghchán a chinntiú. Chun an sainordú dúshlánach sin a chomhlíonadh, ní mór go mbeadh forbairt eolais agus forbairt cultúir foghlama i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

Leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 soláthraítear ról suntasach taighde nua dúinn maidir le beartas agus nósanna imeachta toghcháin agus an cumas moltaí a eascróidh as an taighde sin a dhéanamh don Rialtas. Tá sé beartaithe againn go gcuideoidh ár dtaighde neamhspleách, ár mbailiú sonraí agus ár ndíospóireacht phoiblí linn bheith inár bhfoinse faisnéise iontaofa do chách.

Is mór an pléisiúr dom an chéad Dréachtchlár Taighde de chuid an Choimisiúin Toghcháin a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus mhuintir na hÉireann chun bhur dtuairimí a fháil. Beidh an acmhainneacht leis an obair thaighde a dhéanfaidh an Coimisiún sna blianta amach romhainn tionchar suntasach a imirt ar chúrsa an athchóirithe toghcháin sa tír seo, ag am ina bhfuil go leor ceisteanna agus dúshláin mhóra a bhaineann le toghcháin agus an daonlathas i gcoitinne ag teacht chun cinn. Freastalaíonn ár gcuid oibre ar mhuintir na hÉireann. Dá leithne an réimse dearcthaí a fhaighimid, is ea is fearr is féidir lenár dtosaíochtaí taighde a bheith.

Is luachanna iad an chuimsitheacht, an trédhearcacht agus an éagsúlacht atá i gcroílár an Choimisiúin mar eagraíocht, agus beidh siad ina gcuid lárnach dár gcur chuige taighde. Cuirfear ár ndoiciméid phlé, ár dtionscadail taighde agus ár sonraí ar fáil go forleathan chun plé agus díospóireacht phoiblí ghníomhach a spreagadh agus a chothú maidir leis an daonlathas agus ár gcóras toghcháin.

Is é ár sprioc réimse leathan cuimsitheach téamaí a chuimsiú inár gClár Taighde bliantúil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a théann i gcion ar mhuintir uile na hÉireann agus ar a gcumas baint a bheith acu lena ndaonlathas agus bheith rannpháirteach ann.

Cinnteoimid go mbeidh réimse éagsúil saineolaithe agus páirtithe leasmhara rannpháirteach i múnlú ár gClár Taighde, chomh maith leis an bpróiseas taighde féin, agus sinn ag cloí leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Rachaimid i mbun taighde comhoibríoch agus comparáideach agus féachfaimid le piarmheasúnú agus smaointeoireacht nuálach a ionchorprú mar chuid lárnach dár mbailiúchán taighde agus sonraí.

Déanfaidh an Coimisiún aighneachtaí ón bpobal ar an gClár seo a bhreithniú go cúramach agus cinneadh á dhéanamh ar na hábhair a bheidh á bplé againn, agus cad iad na cinn ar cheart tús áite a thabhairt dóibh. Leis an tsamhail taighde nuálach atá leagtha amach sa Chlár seo tugtar deis d'eagraíochtaí seachtracha agus do dhaoine aonair taighde a dhéanamh linn nó taighde a dhéanamh ar ár son. Cuideoidh sé sin linn lena chinntiú go gcuirfimid san áireamh gnéithe éagsúla dár gcóras toghcháin agus dár sochaí agus ábhair á roghnú againn lena n-iniúchadh agus go mbeimid samhlaíoch agus cruthaitheach inár dtaighde.

Beidh taighde, sonraí agus fianaise i gcroílár obair an Choimisiúin agus treorófar an obair sin leo. Tá sé mar aidhm againn go bhfaighimid ár gcuid eolais i gcónaí trí fhianaise agus trí thaighde lena n-áirítear tuairimí na bpáirtithe leasmhara agus an phobail, agus díreoimid go háirithe orthu siúd a bhraitheann gur lú an seans a bhí acu bheith rannpháirteach inár ndaonlathas. Le cumhachtaí taighde an Choimisiúin tugtar cumas uathúil dúinn chun daonlathas agus córas toghcháin na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú; bainimis lántairbhe as an deis sin.

Tá díospóireacht agus oideachas ríthábhachtach chun próiseas láidir toghcháin a choinneáil ar bun. Is féidir le daonlathas a bhíonn stálaithe agus nach mbíonn sásta teacht chun cinn, éirí níos laige mar dhaonlathas le himeacht ama.

Táimid ag súil le do thuairimí a chloisteáil agus iad a phlé.

**Ms. Justice Marie Baker,**
**Chairperson,**
**An Coimisiún Toghcháin.**



DRÉACHTCHLÁR TAIGHDE 2024-2026

DRÉACHTCHLÁR TAIGHDE 2024-2026

# 1 Réamhrá

'Le sainiúlachtaí an chomhthéacs institiúidigh cuirtear le castacht agus le hiontas chlár oibre toghcháin na hÉireann... ...cé acu a bhreathnaítear air ó thaobh spéis phraiticiúil i bpolaitíocht na hÉireann de nó ó thaobh na hanailíse polaitíochta comparáide de, le hiompraíocht toghcháin na hÉireann cuirtear clár taighde spreagúil i láthair.' **Richard Sinnott, Irish Voters Decide**[1]

Le cáilíochtaí uathúla chóras toghcháin na hÉireann, leis an soláthar do reifrinn ardphróifíle agus le gné sheanbhunaithe áitiúil chultúr polaitiúil na hÉireann, cruthaítear saotharlann an-suimiúil do thaighdeoirí polaitiúla agus do dhíograiseoirí polaitiúla araon. Tá pobal na hÉireann thar a bheith dearfach faoi dhaonlathas na hÉireann agus léirítear le sonraí Eorabharaiméadair le déanaí go bhfuil Éireannaigh (86%) níos sásta lena ndaonlathas ná mar atá an chuid is mó de bhallstáit AE (56%).[2]

Mar sin féin, ní féidir linn ár maidí a ligean le sruth.

Le bunú an Choimisiúin Toghcháin (an Coimisiún) i Mí na Feabhra 2023, léirítear go n-aithnítear gur gá daonlathas na hÉireann a chothú i bhfianaise sochaí atá ag athrú go tapa agus dúshláin nua don daonlathas atá ag teacht chun cinn. Is féidir an Coimisiún a mheas mar 'ionad ilfhreastail' maidir le maoirseacht ar imeachtaí toghcháin, a bhfuil sé curtha de chúram air réimse leathan d'fheidhmeanna toghcháin atá ann cheana, chomh maith le feidhmeanna éagsúla nua (féach Téacsbhosca 1 thíos). Táimid ag lorg do thuairimí go sonrach anois maidir le ceann de na feidhmeanna nua sin - ár ról taighde.




[1]Sinnott, Richard Irish Voters Decide 1995 Manchester University Press lch. 3 | [2]https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3093





## Bosca 1: Feidhmeanna an Choimisiúin

Faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, tá an Coimisiún freagrach as réimse feidhmeanna toghcháin atá ann cheana féin, lena n-áirítear:

- Ábhar na dtograí reifrinn a mhíniú, feasacht an phobail ar reifrinn a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh chun vótáil i reifrinn.
- Athbhreithnithe agus tuarascálacha a dhéanamh i ndáil leis na toghcheantair, chun teachtaí a thoghadh chun na Dála agus chun Pharlaimint na hEorpa.
- Tuarascálacha a chur faoi bhráid an Aire maidir le teorainneacha toghcheantar áitiúil agus;
- Páirtithe polaitíochta a chlárú.

Cuirtear roinnt ról toghcháin nua de chúram ar an gCoimisiún freisin, lena n-áirítear:

- Cláir taighde a ullmhú agus taighde a dhéanamh ar bheartas agus ar nós imeachta toghcháin, agus comhairle a thabhairt, de réir mar is gá, don Aire agus don Rialtas.
- tuiscint an phobail a chur chun cinn ar phróisis thoghcháin agus dhaonlathacha an Stáit, agus obair a dhéanamh chun a rannpháirteachas iontu a mhéadú, trí chláir oideachais agus faisnéise.
- maoirseacht a dhéanamh ar an gClár Toghcháin, moltaí a dhéanamh agus caighdeáin a leagan síos maidir lena choimeád agus lena nuashonrú.
- fógraíocht pholaitiúil ar líne a n-íoctar as a rialáil, agus trédhearcacht a chinntiú maidir le fógraí polaitiúla ar líne.
- imscrúdú agus faireachán a dhéanamh ar bhréagaisnéis ar líne, ar mhífhaisnéis ar líne agus ar iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne le linn tréimhsí feachtais toghcháin, chomh maith le feidhmeanna chun iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne a chosc (níor cuireadh tús leis na codanna sin den Acht fós) agus;
- tuarascálacha ex post a ullmhú maidir le himeachtaí toghcháin a riar.

*“What is research if not a blind date with knowledge?”*

Will Harvey,
Innealtóir Bogearraí




Go sonrach, maidir lena ról taighde nua, leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, tugtar an sainordú don Choimisiún ‘taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta toghcháin lena n-áirítear cúrsaí a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna agus ag eascairt ón taighde sin féadfaidh sé moltaí den sórt sin a dhéanamh don Aire agus don Rialtas de réir mar is iomchuí leis.’

Foráiltear leis go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

– cláir a ullmhú gach bliain ina sonrófar: ‘na hábhair a mbeartaíonn sé taighde a dhéanamh orthu...agus cuspóirí an taighde sin; an dóigh a ndéanfar an taighde sin; agus costas measta an taighde sin.’
– dul i gcomhairle leis an gComhchoiste Oireachtais, leis an Aire agus le haon duine eile, de réir mar is iomchuí leis an gCoimisiún agus a chláir taighde á n-ullmhú aige;
– a eagrú go gcuirfear na cláir thaighde sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais; agus
– nuashonrú a thabhairt ar a chlár taighde laistigh de shé mhí ó cuireadh faoi bhráid na dTithe é agus tuairisc a thabhairt ar a thaighde ina Thuarascáil Bhliantúil.

Tá a chéad dréachtchlár taighde ullmhaithe ag an gCoimisiún anois agus, tríd an doiciméad sin, tá tuairimí an Oireachtais, an phobail agus páirtithe leasmhara eile maidir lena thosaíochtaí taighde á n-iarraidh aige. Eagraítear iad sin de réir snáitheanna téamacha (féach Cuid 3) lena léirítear feidhmeanna an Choimisiúin faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin. Toisc gurb é sin ár gcéad chlár taighde bliantúil, leagtar amach sa doiciméad seo freisin an straitéis agus na luachanna a bheidh mar bhonn faoi ról taighde an Choimisiúin.



DRÉACHTCHLÁR TAIGHDE 2024-2026

D’fhorbraíomar roinnt ceisteanna chun tú a threorú chun do thuairimí a chur i láthair (féach cuid 5 thíos). Chuirfimis fáilte go háirithe roimh ionchuir tríd an bhfoirm ar líne ag www.electoralcommission.ie/researchsubmissions. Is féidir leat freisin freagraí ar na ceisteanna sin nó tuairimí nó moltaí níos ginearálta a sheoladh trí ríomhphost chuig research@electoralcommission.ie nó sa phost chuig An Coimisiún Toghcháin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, D02X8X8.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, chun teacht le héiteas trédhearcachta an Choimisiúin, go bhfoilseofar gach aighneacht ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Féadfaidh an Coimisiún, dá rogha féin, codanna áirithe de na haighneachtaí a leasú sula bhfoilseofar iad lena n-áirítear nuair is gá chun príobháideacht agus cearta pearsanta tríú páirtithe a chosaint. Más mian leat go gcoinneofar d’aighneacht, nó codanna di, faoi rún, luaigh é sin agus na cúiseanna leis sin go sainráite i d’aighneacht.

Molaimid go mór duit do thuairimí a chur chugainn. Beidh siad ina gcuidiú lena chinntiú go mbeidh fíorthionchar dearfach ag taighde an Choimisiúin ar vótálaithe na hÉireann, ar chóras toghcháin na hÉireann, agus ar dhaonlathas na hÉireann.



DRÉACHTCHLÁR TAIGHDE 2024-2026

# 2 Fís agus Luachanna

Is í ár bhfís sa Choimisiún bheith inar gceannairí den scoth ar chosaint agus ar chur chun cinn an daonlathais agus bheith mar fhoinse iontaofa comhairle agus saineolais maidir le himeachtaí toghcháin. Táimid tiomanta dár gcumhachtaí reachtúla a úsáid chun an próiseas daonlathach a chosaint, agus trí oideachas agus rannpháirtíocht phoiblí, daoine a chumasú agus a spreagadh chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcúrsaí daonlathais agus toghcháin.

Aithnímid gur lú an seans a bhí ag roinnt grúpaí, saoránaigh agus daoine aonair cur le polaitíocht agus daonlathas na hÉireann. Dá bhrí sin, ceann dár bpríomhthosaíochtaí is ea bealaí nua a fhorbairt do ghrúpaí nár sroicheadh i gceart agus nach ndearnadh freastal orthu i gceart chun páirt níos iomláine a ghlacadh i bpróiseas daonlathach na hÉireann.

Beidh ár gclár taighde lárnach maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach.

Treorófar taighde an Choimisiúin leis na prionsabail seo a leanas, atá fréamhaithe inár gcroíluachanna:

- **Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht:** Foráiltear leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 go mbeidh an Coimisiún neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna. Tá sé sin bunúsach chun iontaoibhe agus muinín go bhfuil an Coimisiún neamhchlaonta ina chuid gníomhaíochtaí agus cinntí go léir a chinntiú agus, go háirithe, go léireoidh sé neamhchlaontacht pholaitiúil i gcónaí. Beidh na luachanna sin mar bhonn faoinár gcur chuige i leith ár dtaighde agus aon mholtaí a dhéanfar a eascróidh as an taighde, taighde a bheidh bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise láidir.

- **Cuimsitheacht agus cothroime:** Cuirfidh an Coimisiún cuimsitheacht i gcroílár ár dtaighde. Tá sé tábhachtach go gcuimseofar i dtaighde an Choimisiúin gach cuid de shochaí na hÉireann agus na saincheisteanna atá le sárú acu inár gcóras toghcháin agus sa daonlathas i gcoitinne. Díreofar go háirithe ar ghrúpaí nár sroicheadh i gceart roimhe seo nó a bhí imeallaithe ó phróisis pholaitiúla agus dhaonlathacha. Déanfar comhairliúchán poiblí agus suirbhéanna poiblí a ionchorprú go straitéiseach inár dtaighde agus cinnteoidh an Coimisiún freisin go mbeidh éagsúlacht sna taighdeoirí a fhostófar agus a choimisiúnófar chun taighde a dhéanamh. Beidh aon phróisis maidir le coimisiúnú nó soláthar cóir agus cothrom.

- **Cur chun cinn na scoláireachta agus na díospóireachta:** I bhfianaise na bhfeidhmeanna taighde a leagtar amach san Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, is sprioc de chuid an Choimisiúin é taighde nuálach den scoth a dhéanamh a rachaidh chun sochair ní hamháin do chóras toghcháin na hÉireann, ach do thaighde toghcháin, polaitiúil agus daonlathach ar bhonn níos leithne. Agus topaicí taighde á roghnú agus á gcur in ord tosaíochta, breithneoidh an Coimisiún réimsí éagsúla ábhartha in Éirinn agus níos faide i gcéin, d'fhonn bheith ina phríomhfhoinse taighde ardchaighdeáin maidir le córais toghcháin agus daonlathas lena n-áirítear fócas comparáideach. Déanfaidh an Coimisiún a chuid taighde a chur chun cinn agus a scaipeadh go forleathan, lena n-áirítear ar gach leibhéal den chóras oideachais chun plé agus díospóireacht ar an daonlathas agus ar chóras toghcháin na hÉireann a chur chun cinn.

- **Piarmheasúnú agus grinnscrúdú:** Tá sé tábhachtach go mbeadh taighde an Choimisiúin ar an gcaighdeán is airde agus is féidir, ionas gur féidir freastal ar an mbealach is fearr ar mhuintir na hÉireann agus ar a ndaonlathas. Déanfar piarmheasúnú neamhspleách agus piarmheasúnu idirnáisiúnta a ionchorprú inár bpróisis taighde lena chinntiú go mbeidh ár gcuid oibre ar ardchaighdeán, go mbeidh sí iontaofa, agus go dtiocfaidh sí leis na dea-chleachtais acadúla.

Rialófar soláthar ár bhfeidhmeanna taighde freisin le croíphrionsabail na seirbhíse poiblí, is iad sin, **trédhearcacht, cuntasacht agus luach ar airgead.**

Beimid trédhearcach faoinár modheolaíochtaí taighde agus faoin dóigh a ndéanaimid taighde agus faoin dóigh a gcoimisiúnaímid taighde. Foilseofar tionscadail taighde go ginearálta chun deis a thabhairt don phobal, do shaineolaithe agus do ghrúpaí sainleasa ár dtaighde a léamh, tuairimí a chruthú faoi na torthaí agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí oscailte maidir le hathchóirithe nó le hathruithe féideartha chun daonlathas na hÉireann a fheabhsú agus a threisiú.

Beidh freagracht phoiblí ar an gCoimisiún as a thaighde agus as a chinntiú go ndéanfar go heiticiúil agus de réir na gcaighdeán is airde é. Cinnteoimid go ndéanfaimid ár dtaighde ar bhealach cost-éifeachtúil i gcónaí agus go ndírímid ar luach ar airgead agus taighde á choimisiúnú agus á sholáthar againn, ag cinntiú ag an am céanna nach mbeidh sé sin chun aimhleasa caighdeán cáilíochta.

Tá faisnéis chúlra ar ár modheolaíochtaí taighde beartaithe agus ar shocruithe rialachais leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an doiciméad seo.

***“Research is formalized curiosity. It is poking and prying with a purpose.”***

Zora Neale Hurston, Scríbhneoir agus Antraipeolaí



[3] Beidh na heisceachtaí air sin an-teoranta agus beidh siad bunaithe ar thástáil leas an phobail agus ar dhíolúintí ábhartha um Shaoráil Faisnéise.

# 3 Snáitheanna Téamacha Taighde

I bhfianaise fhairsinge a fheidhmeanna agus an raoin feidhme atá ann le haghaidh tuilleadh nuálaíochta agus córas daonlathach agus toghcháin na hÉireann a nuachóiriú, beidh sonraí agus taighde substainteach ag teastáil ón gCoimisiún thar speictream leathan de chórais agus d'iompraíocht dhaonlathach agus toghcháin.

Cuirfear bonn eolais faoi thosaíochtaí taighde an Choimisiúin leis na feidhmeanna arna sannadh dó ag an Oireachtas san Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 agus cuirfear béim ar leith ar rannphairtíocht toghcháin a spreagadh agus a chur chun cinn, an fhaisnéis atá ar fáil don phobal a fheabhsú, feabhas a chur ar an eispéireas toghcháin do gach vótálaí agus an rochtain ar ár bpróisis dhaonlathacha a mhéadú do chách.

Chun teacht leis sin, eagrófar clár taighde an Choimisiúin thart ar na cúig phríomhshnáithe téamacha seo a leanas:

## SNÁITHE A: TAIGHDE SUIRBHÉ FHADAIMSEARTHA AGUS BAILIÚ SONRAÍ

Go stairiúil, tá Éire tite chun deiridh ar thíortha eile maidir le hinfhaighteacht sonraí iontaofa cuimsitheacha faoina toghcháin agus faoina hiompraíocht pholaitiúil. Tríd an snáithe seo, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún an t-easnamh sin a chur ina cheart agus bunachar sonraí daonlathach a chruthú chun tuairimí, dearcthaí agus eispéiris phobal na hÉireann ar imeachtaí toghcháin agus ar an daonlathas, agus ar na tosca a imríonn tionchar, a thomhas thar am. Cuirfear béim ar leith ar thosca lena méadaítear líon na vótálaithe agus an rannpháirtíocht pholaitiúil, chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh an Choimisiúin sna réimsí sin. Soláthrófar leis an snáithe seo sonraí a chuideoidh le bonn eolais a chur faoi thaighde faoi na snáitheanna téamacha eile go léir atá leagtha amach thíos, agus mar sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear tús leis an obair láithreach.

## SNÁITHE B: DLÍ TOGHCHÁIN, CÓRAIS TOGHCHÁIN AGUS BONNEAGAR TOGHCHÁIN

Mar a luadh cheana, foráiltear san Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 go ndéanfaidh an Coimisiún Toghcháin moltaí don Aire agus don Rialtas ar bheartas agus ar nósanna imeachta toghcháin a eascróidh óna chuid oibre. Tá forálacha ann freisin go gcoimisiúnóidh nó go ndéanfaidh an Coimisiún taighde i ndáil leis an gclár toghthóirí chun a ról maoirseachta a threorú. Díreofar sa snáithe seo ar na socruithe agus ar an mbonneagar bunreachtúil, dlíthiúil agus institiúideach lena rialaítear imeachtaí toghcháin na hÉireann, chomh maith le hathchóirithe a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun daonlathas na hÉireann a fheabhsú agus a chur chun cinn.

## SNÁITHE C: SLÁINE NA N-IMEACHTAÍ TOGHCHÁIN

Tá sé ríthábhachtach go measfar i gcónaí go bhfuil imeachtaí toghcháin na hÉireann cothrom agus gan bhac agus go bhfuil muinín as a sláine agus as a slándáil. Tacóidh taighde faoin snáithe seo leis an gCoimisiún agus é ag soláthar athbhreithnithe cuimsitheacha iar-thoghcháin ar riar imeachtaí toghcháin na hÉireann agus cuirfear bonn eolais leis faoinár straitéis chun ár sainordú reachtach, (nuair a achtófar é), a sholáthar chun daonlathas agus imeachtaí toghcháin na hÉireann a chosaint ar chur isteach toghcháin ar líne, ar bhréagaisnéis, ar mhífhaisnéis agus ar chibear-ionsaithe.

> ***"The way to do research is to attack the facts at the point of greatest astonishment."***
>
> Celia Green,
> Paraishíceolaí agus Scríbhneoir




## SNÁITHE D: OIDEACHAS, RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ AGUS CUIMSIÚ

Tá ról nua agus an-suntasach ag an gCoimisiún maidir le rannpháirtíocht toghcháin in Éirinn a mhéadú agus a fheabhsú agus cuimsitheacht chóras daonlathach na hÉireann a fheabhsú. Agus bonn eolais curtha faoi le sonraí a bhailítear faoi Shnáithe A, díreofar sa snáithe seo ar thaighde a dhéanamh agus ansin ar dhea-chleachtas a sholáthar maidir le hoideachas daonlathach agus conas is gá ár gcórais a fheabhsú chun rannpháirtíocht dhaonlathach agus rannpháirtíocht vótálaithe ar fud an daonra a mhéadú. Cuirfear béim shuntasach freisin ar thaighde lena scrúdófar an bealach is fearr chun tacú le rannpháirtíocht ghrúpaí nach ndéantar freastal orthu i gceart agus nach sroichtear i gceart agus a rannpháirtíocht a mhéadú, amhail Taistealaithe, daoine faoi mhíchumas agus mionlaigh eitneacha. Déanfaidh sé taighde freisin ar na bacainní ar rannpháirtíocht pholaitiúil daoine óga, ban agus grúpaí eile faoi ghannionadaíocht mar iarrthóirí rathúla i dtoghcháin.

## SNÁITHE E: TAIGHDE FÍSIÚIL/TAIGHDE BUNAITHE AR FHIOSRACHT

Dúirt Maria Leptin, Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde le déanaí:

"Má bhreathnaímid ar an stair, is féidir linn a fheiceáil go bhfuil torthaí tábhachtacha ag baint le go leor taighde bunúsach, fiosrachta... is féidir le réitigh teacht ó áiteanna gan choinne. Le torthaí nua i réimse amháin d'fhéadfaí deiseanna nua a chruthú i réimsí éagsúla... Má chuirtear ár n-acmhainní go léir i réimsí tosaíochta, d'fhéadfadh sé go laghdófaí leis sin, ait go leor, ár seansanna dul chun cinn a bhaint amach, fiú sna réimsí sin féin.... Chun córas sláintiúil taighde a choinneáil ar bun, is ceart é infheistíocht a dhéanamh i dtaighde fadtéarmach atá bunaithe ar fhiosracht."[4]

Is eagraíocht fhoghlama é an Coimisiún agus aithníonn sé go bhfuil ról an-mhór ag taighde bunúsach atá bunaithe ar fhiosracht lena chinntiú go mbeidh sé ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta daonlathaí agus nach gcaillfear amach ar iniúchadh a dhéanamh ar thaighde spreagúil agus luachmhar trí fhócas téamach róchúng.

Dá bhrí sin, déanfaidh comhaltaí an Choimisiúin, i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach um Thaighde (féach Aguisín 2), sásra a fhorbairt chun go bhféadfaidh taighdeoirí tograí taighde nuálacha nó físiúla lasmuigh dá shnáitheanna taighde níos spriocdhírithe a chur isteach. Mar sin, is féidir le taighdeoirí tograí a chur isteach agus maoiniú a fháil chun taighde a dhéanamh i réimsí nua agus ceannródaíocha. Beidh scóip ann chomh maith don phobal réimsí nuálacha taighde fhéideartha a mholadh lena mbreithniú.

[4] https://erc.europa.eu/news-events/news/importance-frontier-research


DRÉACHTCHLÁR TAIGHDE 2024-2026

# 4 Tionscadail Taighde Fhéideartha




Tá suim shuntasach á cur i gclár oibre taighde an Choimisiúin agus tá roinnt moltaí faighte againn cheana féin do thionscadail taighde, lena n-áirítear ón Rialtas,[5] ón Oireachtas agus ó pháirtithe leasmhara eile.

Is léir anois an gá dul chun cinn luath a dhéanamh maidir le taighde a dhéanamh ar réimsí ar leith trí obair agus trí phlé an Choimisiúin go dtí seo. Go sonrach, is gá tús a chur le sonraí iontaofa agus bailí a fhorbairt faoi Shnáithe A chun bonn eolais a chur faoi thaighde faoi na ceithre shnáithe eile. Tá sé tábhachtach freisin sonraí bonnlíne a bheith ann maidir le dearcthaí agus iompraíocht a bhaineann le rannpháirtíocht pholaitiúil agus leis an daonlathas, ionas gur féidir leis an gCoimisiún tionchar a chuid clár agus gníomhaíochtaí a thomhas.

## SNÁITHE A: TAIGHDE SUIRBHÉ FHADAIMSEARTHA AGUS BAILIÚ SONRAÍ

Cé go bhfuil comhlacht suntasach taighde a bhfuil meas mór air in Éirinn maidir le toghcháin agus iompraíocht toghcháin, agus go bhfuil go leor saineolaithe toghcháin a bhfuil meas idirnáisiúnta orthu inti, is asluiteach í mar nach raibh cuntas teiste aici go dtí seo ar Staidéar Náisiúnta Toghcháin atá comhsheasmhach agus a bhfuil acmhainní cuí aige.

Tá staidéar dá leithéid i bhfeidhm in go leor tíortha eile le breis agus 50 bliain anuas. Is staidéir iad, a bhfuil ardmheas orthu, ar iompraíocht vótálaithe, ar dhearcthaí agus ar thionchair a bhíonn bunaithe ar shamplaí randamacha ionadaíocha go traidisiúnta. Chun tús a chur le forbairt sonraí láidre chun bonn eolais a chur faoi sholáthar réimse iomlán a fheidhmeanna, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) a fhorbairt d'Éirinn. Cuimseofar leis sin gnéithe de shamhail thraidisiúnta an Staidéir Náisiúnta Toghcháin agus, go háirithe, dianmhodheolaíocht samplála, ach beidh fócas níos leithne ag baint leis a bheidh ag teacht le sainordú agus feidhmeanna an Choimisiúin. Beidh sonraí NEDS anaithnidithe agus beidh siad ina bhfoinse oscailte. Féadfar iad a úsáid chun taighde a threorú thar na snáitheanna taighde eile, chomh maith le faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar do pháirtithe leasmhara, don phobal, do na meáin agus don chóras polaitíochta faoi staid ár ndaonlathais.

Ós rud é gur comhlacht nua é an Coimisiún agus gur mian leis súil a choinneáil ar a dhul chun cinn agus ar a fheidhmíocht, leanfaidh sé cleachtas na gCoimisiún Toghcháin eile freisin agus comhlánóidh sé na sonraí NEDS trí phobalbhreitheanna rialta a dhéanamh ar na toghthóirí ar bhonn rollach. Déanfar é sin idir toghcháin agus ní le linn tréimhsí toghcháin amháin. Bainfidh sé le diansuirbhéireacht ar shamplaí ionadaíocha den phobal maidir lena ndearcadh i leith gnéithe éagsúla de thoghcháin agus den daonlathas. Cuirfear bonn eolais leis sin faoinár gcuid oibre ar bhonn leanúnach, i dtréimhsí toghcháin agus neamhthoghcháin araon.

Mar gheall ar an achar ama teoranta idir sin agus na chéad imeachtaí toghcháin dearbhaithe eile i mí an Mheithimh, tá tús á chur le hobair ullmhúcháin láithreach chun sonraí tagarmharcála tosaigh a bhailiú agus chun forbairt an Staidéir Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) sin a chur chun cinn agus tús a chur le pobalbhreitheanna tagarmharcála vótálaithe.




## SNÁITHE B- DLÍ TOGHCHÁIN, CÓRAIS TOGHCHÁIN AGUS BONNEAGAR TOGHCHÁIN

### Athbhreithniú ar Thoghcheantair

Ba é an tAthbhreithniú Toghcheantar a rinneadh le déanaí an chéad uair a rinne buanchomhlacht athbhreithniú ar thoghcheantair, comhlacht a bhfuil an cumas aige foghlaim óna thaithí agus a thaithí a chur ar aghaidh chuig an gcéad Athbhreithniú eile dá leithéid. Agus an chéad Athbhreithniú sin á dhéanamh aige, d'aithin an Coimisiún trí phíosa taighde ba cheart a dhéanamh dar leis chun bonn eolais a chur faoi Athbhreithnithe amach anseo:

- **Ionadaíocht:** Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún taighde a dhéanamh ar shaincheist na hionadaíochta agus ar an mbealach ina gcinntear líon foriomlán na dTeachtaí Dála i gcomhthéacs an daonra atá ag méadú agus na forálacha bunreachtúla agus dlíthiúla reatha sa réimse sin.
- **Méid dáilcheantair:** Éilíodh i roinnt aighneachtaí poiblí go gcruthófaí dáilcheantair 6 shuíochán nó go ndéanfaí athrú ar na forálacha lena gcuirtear cosc air sin faoi láthair. Cé gur moladh i roinnt aighneachtaí go gcuirfí le líon na ndáilcheantar 3 shuíochán, mhol formhór na ndaoine a tharraing an tsaincheist anuas tuilleadh dáilcheantar cúig shuíochán a chruthú. Mar gheall ar an méadú leanúnach ar an daonra, áfach, b'fhéidir nach mbeifí in ann na ndáilcheantair chontae cúig shuíochán atá ann faoi láthair a choinneáil faoi athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo. Tabharfar tús áite mar sin do thaighde ar mhéid dáilcheantair lena n-áirítear fiúntais

[5] Tá moltaí le haghaidh taighde toghcháin sa Chlár Rialtais reatha. https://merrionstreet.ie/en/about/programme-for-government/. Thairis sin, scríobh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar a bhfuil freagracht Aireachta as an dlí toghcháin agus as toghcháin agus reifrinn a stiúradh chuig an gCoimisiún an 19 Iúil le roinnt moltaí taighde lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Tá na hábhair a chuimsítear i litir an Aire curtha in iúl le *.

dáilcheantar ina bhfuil níos mó ná cúig shuíochán.

- **Modheolaíocht an athbhreithnithe dáilcheantair:** Mar gheall gurbh é sin an chéad athbhreithniú dáilcheantair a rinne an Coimisiún mar bhuanchomhlacht, tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas, nuair is furasta cuimhneamh ar chúrsaí, chun feabhsuithe féideartha a d'fhéadfaí a dhéanamh a shainaithint lena n-áirítear an próiseas comhairliúcháin agus an bhfuil scóip ann le haghaidh úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta agus na hIntleachta Saorga.

Bhí na cúrsaí sin ina n-ábhar i ndíospóireacht mhór phoiblí agus in aird a d'eascair as an Athbhreithniú le déanaí, agus mar sin tá sé tráthúil an taighde sin a chur chun cinn agus an taithí fós úr.

### Úsáid póstaer

Tá sé ina ghné sheanbhunaithe de chóras polaitíochta na hÉireann póstaeir a úsáid le linn feachtais toghcháin agus reifrinn, ach le blianta beaga anuas, tá ábhair imní atá ag méadú tagtha chun cinn maidir le tionchar comhshaoil na bpóstaer sin, chomh maith lena dtionchar amhairc ar ár spásanna poiblí. Moladh sa Chlár Rialtais reatha go ndéanfadh an Coimisiún "scrúdú ar an tsaincheist maidir le húsáid póstaer ag toghcháin agus ag reifrinn agus dul i gcomhairle faoi theorainneacha a chur le líon na bpóstaer is féidir a úsáid nó suíomhanna áirithe a shocrú dá n-úsáid." Scríobh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chuig an gCoimisiún le déanaí ag moladh go dtabharfaí tús áite don topaic taighde sin. Tá díospóireacht phoiblí bhríomhar agus rannpháirteach spreagtha leis sin cheana féin ar fhiúntais póstaer nó a mhalairt agus tá réimse tuairimí éagsúla le feiceáil go soiléir.

Ní ceist acadúil amháin d'eolaithe polaitiúla í na póstaeir toghcháin ach baineann sé freisin le cothromú spriocanna sochaíocha níos leithne. Mar gheall ar an leibhéal soiléir spéise agus rannpháirtíochta sa topaic sin, déanfaidh an Coimisiún foireann ildisciplíneach saineolaithe a choimisiúnú chun taighde a dhéanamh ar an topaic sin. Cuirfear san áireamh comhairliúchán poiblí suntasach agus athbhreithniú ar an dea-chleachtas i dtíortha eile.

### An tAcht Toghcháin 1997

Tá sé iarrtha go ndéanfaí athbhreithniú ar an Acht Toghcháin 1997, go háirithe ag grúpaí polaitíochta agus eagraíochtaí sochaí sibhialta a bhfuil imní léirithe acu faoin sainmhíniú ar críocha polaitiúla san Acht a théann i gcion ar a ngníomhaíochtaí tiomsaithe airgid. Úsáidtear an sainmhíniú sin freisin in Alt 119 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, ina bpléitear fógraíocht pholaitiúil ar líne.

De thoradh air sin, rinneadh roinnt glaonna go ndéanfaí codanna eile den Acht a shoiléiriú nó a athrú go hiomlán.

Ag teacht leis an imní sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Acht 1997 a choimisiúnú agus áireofar leis sin próiseas comhairliúcháin phoiblí. Ní mór an t-athbhreithniú sin a uainiú chun plé gaolmhar leanúnach ar leibhéal AE a chur san áireamh i gcomhthéacs a Phacáiste um Chosaint an




Daonlathais agus dréacht-Togra AE le haghaidh Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla.

### Síneadh a chur le vótaí poist

Níl vótaí poist ar fáil ach do sciar an-bheag de thoghthóirí na hÉireann, go háirithe i gcomparáid le córais pholaitiúla eile san Iarthar. Níl vótaí poist ar fáil faoi láthair ach do chomhaltaí lánaimseartha na bhFórsaí Cosanta, do thaidhleoirí agus dá gcomhpháirtithe a phostaítear thar lear, agus do ghrúpaí áirithe vótálaithe nach bhfuil ábalta rochtain fhisiciúil a fháil ar a stáisiúin vótála ainmnithe ar lá na vótaíochta.

Moladh gur fiú taighde a dhéanamh maidir le hincháilitheacht do vótaí poist a leathnú, mar go bhféadfadh sé cur le líon na vótálaithe chomh maith le héascaíocht agus áisiúlacht na vótála.

### Fothoghcháin a athrú

Nuair a éiríonn TD as oifig, is gnách go líontar a phost nó a post trí fhothoghchán a reáchtáiltear sa toghcheantar inar tháinig an folúntas chun cinn. Glactar cur chuige difriúil maidir le suíocháin fholmha de chuid Pharlaimint na hEorpa a líonadh, i gcás go ndéantar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a ionadú trí chóras Liosta Malartach, gan dul i muinín na dtoghthóirí. Nuair a sheasann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i dtoghchán, ceanglaítear orthu liosta iarrthóirí eile a sholáthar a ngabhfaidh a n-ionad sa chás go n-éireodh siad as a bpost roimh an gcéad sraith eile de thoghcháin Pharlaimint na hEorpa. Tá Clár an Rialtais tiomanta do scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcuirfí córas liostaí malartach, cosúil le córas Pharlaimint na hEorpa, in ionad na samhla toghcháin reatha chun TDanna a ionadú.

### Cónaitheacht agus vótáil

Leagtar síos in Acht Toghcháin 1992 go gcaillfidh na daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a gceart vótála má fhágann siad an Stát ar feadh tréimhse ocht mí dhéag, ceart nach féidir a thabhairt ar ais ach amháin i ndiaidh dóibh filleadh ar stádas 'gnáthchónaitheora' in Éirinn. Nuair a chuirtear é sin i gcomhar le rialacháin na hÉireann maidir le vótaí poist thuasluaite, feictear do roinnt daoine go bhfuil sé sin ina chur chuige sriantach i gcomparáid le samplaí idirnáisiúnta.

### Clár toghthóirí

Déanfaidh an Coimisiún taighde agus anailís freisin chun tacú lena ról maoirseachta maidir leis an gclár toghthóirí.

### SNÁITHE C: SLÁINE NA N-IMEACHTAÍ TOGHCHÁIN

Leagtar amach in alt 68.1 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 go bhféadfaidh an Coimisiún "tar éis gach imeachta toghcháin... tuarascáil maidir le riar an imeachta toghcháin lena mbaineann... a ullmhú agus a fhoilsiú." Le hAthbhreithnithe Iar-Thoghcháin beidh ACT ábalta aon réimsí le haghaidh feabhsúcháin maidir le stiúradh imeachtaí vótaíochta, go háirithe maidir le hinrochtaineacht agus maidir le rannpháirtíocht a threisiú. Le taighde ar sheoladh Athbhreithnithe Imeachtaí Iar-Thoghcháin cuirfear bonn eolais faoi sholáthar athbhreithnithe den sórt sin agus cuideoidh sé le ACT oibriú i dtreo próisis toghcháin na hÉireann a fheabhsú agus a chosaint.

> ***"Research means that you don't know, but are willing to find out"***
>
> Charles F. Kettering,
> Innealtóir

Sanntar cumhachtaí láidre rialála don Choimisiún freisin faoi Chuid 4 agus 5 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 chun cur isteach toghcháin ar líne a chomhrac agus

DRÉACHTCHLÁR TAIGHDE 2024-2026




chun trédhearcacht i ndáil le fógraíocht pholaitiúil a áirithiú. Níor cuireadh tús leis na cumhachtaí sin fós. Nuair a chuirfear tús leo, beidh taighde ar an tírdhreach casta sin atá ag athrú go tapa riachtanach ionas go mbeidh an Coimisiún ábalta maoirseacht a dhéanamh ar na príomhréimsí sin agus a chinntiú go bhfuil a chur chuige ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus le forbairtí teicneolaíochta. Agus taighde á choimisiúnú agus á dhéanamh againn sa réimse seo, cuirfidh Bord Comhairleach um Fhaisnéis Toghcháin Ar Líne comhairle orainn. Bunófar an Bord sin faoi alt 146 den Acht.

### SNÁITHE D: OIDEACHAS, RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ AGUS CUIMSIÚ

#### Aois vótála

Is é 18 mbliana d'aois aois an tsaincheadúnais in Éirinn ón mbliain 1973 i leith. Tá an aois vótála laghdaithe ag roinnt tíortha, áfach, – lena n-áirítear an Ostair in 2007, agus Albain, áit inarb é 16 bliana d'aois an aois vótála do gach toghchán do Pharlaimint na hAlban agus do thoghcháin áitiúla agus is féidir le daoine óga 14 agus 15 bliana d'aois réamhchlárú le vóta a chaitheamh.

Moladh i gCoinbhinsiún na hÉireann ar an mBunreacht 2012-2014 go ndéanfaidh Éire a haois vótála a ísliú go 16 bliana d'aois. Níos déanaí, moladh i gClár an Rialtais reatha go bhféadfadh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar eispéireas na hAlban maidir leis an aois vótála a laghdú, moladh a d'athdhearbhaigh an tAire ina litir le déanaí.

Arís spreag sé sin díospóireacht phoiblí bhríomhar lena dtugtar le fios gur ábhar spéise pobail é agus go bhfuil baint aige le tosaíocht An Choimisiúin maidir leis an rannpháirtíocht pholaitiúil a mhéadú.

#### Rannpháirtíocht dhaonlathach agus toghcháin

Déanfaidh agus coimisiúnóidh an Coimisiún taighde freisin chun bonn eolais a chur faoina chur chuige maidir lena shainchúram oideachais agus rannpháirtíochta poiblí chun rannpháirtíocht toghcháin grúpaí nach sroichtear i gceart a spreagadh lena n-áirítear ionadaíocht mhéadaithe ban, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó chúlraí eitneacha éagsúla. Moladh freisin go bhféadfaimis taighde a dhéanamh chun éagsúlacht na n-iarrthóirí do thoghcháin a thomhas agus bealaí a mheas chun é sin a mhéadú, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar an topaic um rannpháirtíocht pholaitiúil agus líon na vótálaithe ar dhaoine gan dídean iad i dtoghcháin a mhéadú.





# 5 Do chuid Aiseolais

I ndiaidh an doiciméad seo a bhreithniú, cuirfimid fáilte roimh do thuairimí faoi na ceisteanna seo a leanas:

1. **Cad é do thuairim faoi na cúig shnáithe taighde atá beartaithe? An bhfuil leasuithe nó breisithe ar bith ann a mholfá?**

2. **Cé acu de na ceisteanna taighde faoi Roinn 4 is tábhachtaí dar leat agus cén fáth?**

3. **An bhfuil tionscadail bhreise taighde ann atá tábhachtach dar leat chun daonlathas agus imeachtaí toghcháin na hÉireann a chur chun cinn agus a fheabhsú? Má d'fhreagair tú 'tá', tabhair sonraí le do thoil.**

4. **An bhfuil aon bharúlacha nó tuairimí eile ar mhaith leat a thabhairt maidir le clár taighde an Choimisiúin?**

B'fhearr linn dá gcuirfí freagraí isteach ag an nasc seo: www.electoralcommission.ie/researchsubmissions

Nó is féidir iad a sheoladh trí ríomhphost chuig research@electoralcommission.ie nó sa phost chuig An Coimisiún Toghcháin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, D02X8X8.

**Is é an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí an 12 Eanáir, 2024.**

Foilseofar gach aighneacht faoi réir aon atheagrú a theastaíonn ar chúiseanna dlí.



# 6 Aguisíní

## AGUISÍN 1: MODHANNA SEACHADTA

Tá roinnt samhlacha reatha i bhfeidhm chun taighde a dhéanamh, a choimisiúnú agus a mhaoiniú ag comhlachtaí maoinithe taighde Éireannacha agus idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí Stáit agus Rialtais a thugann maoiniú i gcomhair taighde mar chuid dá sainchúram.[6]

Áirítear leo sin:

- Cumas taighde eagraíochtúil inmheánaigh a fhorbairt
- Tairiscintí agus soláthar
- Glaonna ar thaighde oscailte
- Comhaltachtaí taighde agus intéirneachtaí
- PhDanna maoinithe

Tá cáilíochtaí taighde ag roinnt ball foirne reatha sa Choimisiún agus cuirfear béim ar leith ar chumas taighde láidir a fhorbairt laistigh den eagraíocht. Beidh gá le taighde leanúnach a dhéanamh ar an dea-chleachtas agus sonraí idirnáisiúnta chomh maith le taighde beartais atá dírithe go praiticiúil chun eolas a thabhairt don Choimisiún agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Is féidir leis na tionscadail inmheánacha sin feidhmiú mar phíosaí neamhspleácha taighde lena bhreithniú ag an gCoimisiún, nó d'fhéadfaidís bonn a sholáthar do phíosaí taighde níos mó ina dhiaidh sin. Mar shampla, is feidhm thábhachtach é don Choimisiún Toghcháin faoin Acht athbhreithnithe iar-thoghcháin a ullmhú agus a fhoilsiú ina dtabharfar tuairisc ar 'riar an imeachta toghcháin lena mbaineann' lena mbeidh ceanglais ar leith féachaint ar inrochtaineacht an phróisis vótála do dhaoine aonair faoi mhíchumas, i.e. tinnis nó dúshláin litearthachta. Tá sé tuartha go ndéanfaidh foireann nó comhaltaí an Choimisiúin cuid mhór den anailís agus den bhailiú sonraí go hinmheánach chun tacú leis an athbhreithniú sin trí bhreathnóireacht toghcháin.

Is dócha go mbeidh saineolas seachtrach de dhíth ina leith sin agus i leith tionscadail eile freisin. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an Coimisiún ábalta dul ar iontaoibh iomlán mórshaineolaithe agus mór-acadóirí, ní hamháin as Éirinn, ach as thar lear freisin, agus ní as réimse na heolaíochta polaitiúla amháin a bheidh siad ach tiocfaidh siad as réimse leathan disciplíní lena n-áirítear saineolaithe dlí, oideachasóirí, síceolaithe, gníomhaithe timpeallachta, agus saineolaithe sa teicneolaíocht i measc dreamanna eile.

Bainfear úsáid straitéiseach as glaonna soláthair agus taighde chun saineolas seachtrach a mhealladh le haghaidh tionscadail ar leith agus d'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin comhpháirtíochtaí le Comhlachtaí um Maoiniú Taighde eile amhail an Chomhairle um Thaighde in Éirinn mar chuid den Ghníomhaireacht um Maoiniú Taighde agus Nuálaíochta nua chónasctha.

Tá sprioc níos leithne ag an gCoimisiún freisin scoláireacht agus taighde a fhorbairt agus a fheabhsú chun bonneagar taighde den chéad scoth a chruthú chun bonn eolais a chur faoi obair an Choimisiúin agus tacú le díospóireachtaí poiblí eolasacha agus bunaithe ar shonraí maidir le daonlathas agus maidir lenár gcóras toghcháin.

Dá bhrí sin, cruthóidh sé deiseanna agus maoiniú freisin do thaighdeoirí luathchéime chun cur le scoláireacht dhaonlathach agus a ngairm bheatha agus a saineolas a chur chun cinn trí intéirneachtaí, PhDanna maoinithe, comhaltachtaí agus cláir eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh siad sin deartha thart ar cheisteanna taighde sonracha nó ar réimsí spéise téamacha níos leithne.

6Mar shampla, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus FEÉ (a chumascófar go luath) IHREC, EPA, CCPC, Teagasc, SEI agus comhlachtaí éagsúla AE#.



DRÉACHTCHLÁR TAIGHDE 2024-2026



Bainfidh an Coimisiún leas as meascán de na cuir chuige sin ag brath ar chineál an chuspóra taighde agus ar an modh is fearr a bhainfidh an cuspóir amach de réir luachanna an Choimisiúin.

Is í an aidhm ar deireadh sármhaitheas taighde a bhaint amach agus a chothú laistigh de chreat láidir rialachais agus seachadta.

## AGUISÍN 2: RIALACHAS AGUS MAOIRSEACHT

Cosúil le feidhmeanna uile an Choimisiúin, beidh córais láidre rialachais agus mhaoirseachta mar bhonn faoinár dtaighde. Mar atá leagtha amach in Aguisín 1, déanfaimid agus coimisiúnóimid taighde ar roinnt bealaí éagsúla ach cloífidh aon soláthar nó coimisiúnú taighde leis an dea-chleachtas agus comhlíonfaidh siad gach treoir agus rialacha seirbhíse poiblí ábhartha. Déanfar maoirseacht air sin trí chórais leordhóthanacha rialuithe inmheánacha, bainistíochta riosca agus struchtúr iniúchta agus maoirseachta An Choimisiúin a chinntiú.

Chinn an Coimisiún freisin rialachas, maoirseacht agus cuimsitheacht a straitéise taighde a fheabhsú tuilleadh trí Ghrúpa Comhairleach Taighde a bhunú. Tabharfaidh an Grúpa sin comhairle agus tacaíocht don Choimisiún maidir lena chinntiú go léireofar réimse leathan páirtithe leasmhara, dearcthaí agus disciplíní taighde i roghnú ár dtopaicí taighde agus conas a dhéantar iad. Nuair a bheidh sé bunaithe, rachfar i gcomhairle leis an nGrúpa sin agus soláthróidh sé ionchur ar ár gcláir thaighde bhliantúla, breithneoidh sé an dul chun cinn agus molfaidh sé athruithe ar bith is gá a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh ár dtaighde tráthúil, oiriúnach don fheidhm agus ar ardchaighdeán. Cuimseofar ann ionadaithe ó ghrúpaí nach sroichtear i gceart, saineolaithe acadúla thar réimse disciplíní, cleachtóirí agus saineolas idirnáisiúnta.

Beidh ar an gCoimisiún freisin bonneagar taighde, eolais agus bainistíochta sonraí a bheidh oiriúnach agus láidir a fhorbairt ag an am céanna, rud a ghlacfaidh tamall maith agus tacóidh ionchur an Ghrúpa Chomhairligh Taighde leis an bpróiseas sin.

An Coimisiún Toghcháin,
The Electoral Commission,
Dublin Castle, Dublin 2.
D02 X8X8

@ElecCommIRL

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission